Ceacht Fabraice agus Snáithín le Ranganna 3 go dtí 4
'Fíodóireacht le Fonn'

Gemma Mc Girr

Snáth Curaclaim:	**Fabraic agus Snáithín** (Curaclam Amharcealaíona Ich. 58)
Cuspóir:	*Féidearthachtaí fabraice agus snáithín mar mheáin don chur in iúl samhlaíoch a fhiosrú (Ich. 58)* *Déan píosaí beaga airgtheacha i bhfabraic agus i snáithín (Ich. 58)*
Nasc:	**Péint agus Dath >** Déan dath a fhionnachtan sa timpeallacht radhairc agus tabhair aird ar dhifríochta datha agus éagsúlachtaí tuine trí dhathanna a mheascadh (Ich. 50) **Prionta >** Úsáid réimse leathan teicnící déanamh priontaí chun priontaí téamabhunaithe nó neamh-mhacasamhlacha a dhéanamh (Ich. 52)

Féidearthachtaí Imeasctha:
Teanga Labhartha: *Cuir tús le comhrá agus freagair tograí dhaoine eile trí labhairt faoi thaithí agus gníomhaíochtaí (Ich. 38)*
Eolaíocht: *Breathnaigh agus fiosraigh roinnt de na bealaí a mbíonn tionchar ag coinníollacha timpeallachta ar iompar phlandaí agus ainmhithe, nó mar a oiriúnaíonn siad iad féin dóibh (Ich. 62).*
Tíreolaíocht: *Déan staidéar ar éagsúlachtaí aimsire i rith na bliana agus ar a dtionchar ar phlandaí, ainmhithe agus daoine (Ich. 58)*

An Ghníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:

Ag Tosú: Féach ar an gclár 'Ag Fí le Snáithíní' ar an DVD agus féach mar a fhíonn na leanaí táipéisí simplí daite le seol simplí cárta. Féach ar 'Déan Seol' i gcuid 'An Féidir Leat?' de shuíomh idirlín *Is Ealaíontóir Mé* leis an rang agus cabhraigh leo seolta dá gcuid féin a dhéanamh le cárta agus sreang.

Ábhair Riachtanacha:
Bileoga A4 de chárta láidir
Sreang
Olanna éagsúla
Fabraicí éagsúla gearrtha ina stríocaí caola
Ribíní, lásaí, snáthanna

Spreagadh: Dathanna Séasúracha – "Cad iad na dathanna a fheicimid a chuireann in iúl dúinn go bhfuil an tEarrach/Samhradh/Fómhar/Geimhreadh tagtha? Cén Fhéile a cheiliúrtar san Earrach/Samhradh/Fómhar/Geimhreadh? Cad iad na bláthanna/torthaí a shamhlaímid leis an séasúr seo? Cén aimsir a shamlaímid leis? Smaoinigh ar na nithe seo go léir agus féach an féidir leat iad a chur le chéile chun táipéis faoi ghnéithe den séasúr seo a fhí."

Gníomhaíocht: Piocfaidh na leanaí na stríocaí fabraice, olanna, ribíní agus aon snáithín eile a úsáidfidh siad dá bhfíodóireacht. Spreag iad chun a bheith fiontrúil sa rogha uigeachtaí agus dathanna a úsáideann siad, agus aird acu ar ghnéithe den séasúr áirithe. B'fhéidir gur mhaith leo féar tirim nó bláthanna a fhí isteach sa phíosa chomh maith. Nuair a bhíonn siad réidh, bain an píosa as an seol agus cuir ar taispeáint sa seomra ranga nó in áit oiriúnach eile sa scoil é.

Measúnú/ Ag Amharc agus ag Freagairt Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Spreag iad chun labhairt faoin rud atá á dhéanamh acu, faoi na snáthanna atá roghnaithe agus cad a cheapann siad faoi na huigeachtaí agus an scéim dathanna atá cruthaithe acu. Más féidir, taispeáin samplaí d'fhabraic fhite dóibh, m.sh.

© National Centre for Technology in Education 2006

rugaí/blaincéadaí ollan, scaifeanna tiubha, bréidíní. Iarr orthu freagairt do tháipéisí Le Brocquy agus Miro.

Gníomhaíochtaí Breise:

D'fhéadfadh na leanaí fíodóireacht a dhéanamh le patrúin dá ndearadh féin chun criosanna, bandaí cinn a léiríonn foirne áitiúla nó nithe eile a dhéanamh.

Féidearthachtaí TCF: Tugann Iarsmalann Victoria agus Albert deis do leanaí a dteicstíl féin a dhearadh!
http://www.vam.ac.uk/vastatic/microsites/british_galleries/designa/textile/textile.html

An DVD is Ealaíontóir Mé a Úsáid: Cuireann na cláir *Fabraic agus Snáithín* ar an DVD deiseanna ar fáil chun leanaí a fheiceáil ag baint úsáide as fabraicí agus snáithíní chun pictiúir, fíodóireacht, puipéadaí agus feistis a dhéanamh.

Nóta: Nuair a thosaíonn na leanaí ag fí is maith an smaoineamh é stríocaí fabraice a úsáid ionas nach dtógfaidh sé rófhada orthu é a chríochnú. Bíonn a lán ama ag teastáil chun olanna míne a fhí agus bheadh sé sin tuirsiúil do leanaí.

Ealaíontóirí Ábhartha: Louis le Brocquy
Joan Miro
Christo agus Jean-Claude

Suíomhanna Idirlín Ábhartha:

Tabhair cuairt ar shuíomh idirlín Louis le Brocquy agus féach ar a tháipéisí iontacha.
http://www.anne-madden.com/LeBPages/Tapestry90thcelebration.html

Suíomh oifigiúil Christo agus Jeanne-Claude, a bhfuil cáil orthu mar gheall ar an ealaín atá acu foirgnimh agus séadchomharthaí a chlúdach le fabraicí.
http://www.christojeanneclaude.net

Tabhair cuairt ar an ndánlann fíodóireachta agus lásas seo chun a lán samplaí d'fhíodóireacht láimhe as gach cearn den domhan a fheiceáil.
http://www.handweaving.net/GalleryList.aspx

Tugann an leathanach nasc seo in Iarsmalann Victoria agus Albert a lán deiseanna chun foghlaim faoi theicstílí.
http://www.vam.ac.uk/collections/furniture/textiles_links/index.html

Tá Scoilnet ina thairseach chuig mórán suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga.
http://www.scoilnet.ie

© National Centre for Technology in Education 2006